FIADHÚLRA
eolas ar an gcomhshaol

www.enfo.ie

Crainn a Chur

Is áiteanna oiriúnacha le haghaidh crainn a chur aon spás oscailte i gceantar tithíochta, an talamh thart ar charrclós, ar shéipéil, ar scoileanna, ar ollmhargaí, ar mhonarchana, ar ionaid dumpála agus ar aon bhall gránna ar shráid nó ar bhóthar.

Cad é ab fhearr a chur?

I ndiaidh ionad a roghnú le haghaidh crainn a chur ann, caithfear cinneadh a dhéanamh faoin gcineál crainn is oiriúnaí. Ba chóir cuimhneamh ar na nithe seo a leanas:

- ***A oiriúnaí is atá na crainn don timpeallacht ina mbeidh siad – i dtaca le hithir, draenáil, sceirdiúlacht an láithreáin***
- ***A oiriúnaí is atá na crainn, ag cuimhneamh ar mhéid an láithreáin agus ar an úsáid atá á baint as. Caithfidh dóthain spáis a bheith ann le go bhfásfaidh siad gan a bheith á mbearradh de shíor. Tá crainn áirithe ann nach mbeadh oiriúnach i gcomhair dálaí áirithe – d'fhéadfadh duilleoga móra bóithre agus cosáin a dhéanamh sleamháin, cuir i gcás.***
- ***A oiriúnaí is atá na crainn don tírdhreach.***
- ***Is fiú breathnú ar chrainn a bhfuil fás maith fúthu agus atá curtha ar láithreáin atá cosúil leis an láithreán atá beartaithe. Beidh a fhios agat ansin cén cineál crainn a oireann don tírdhreach agus a mhairfidh gan an iomarca dua a chaitheamh leo. Más i gceantar tuaithe atá an láithreán, b'fhearr gan crainn nó toir ornáideacha ghairdín a chur, nó bíonn cuma aduain ar a leithéid sin.***

Is sna méideanna seo a bhíonn crainn le fáil, de ghnáth:

athphlandaí foraoiseachta – 0.5m ar airde

'whips' – stoc singil 1m ar airde

Tá an dá mhéid seo oiriúnach le haghaidh cheantair thuaithe.

crainn phlandlainne – chomh hard le 2.5m. Moltar iad seo le haghaidh dreach sráide, bóthair agus araile a fheabhsú. Tá dhá chineál ann .i. crainn loma ('caighdeánach') nó crainn ar a bhfuil géaga síos go talamh ('duilliúrach').

Más rud é go bhféadfadh na crainn a bheith i mbaol ó loitiméireacht, b'fhearr crainn is mó agus is téagartha a chur .i. 'crainn throma chaighdeánacha'. D'fhéadfaí freisin sciath chosanta a chur thart air agus taca a chur leis a shíneann go mullach an chrainn agus dá gceanglaítear an príomhbhuinneán.

Séasúir phlandála

Is le linn do na crainn a bheith suanach a dhéantar iad a chur .i. ó Shamhain go Márta, ach ní chuirtear iad le linn don ithir a bheith reoite nó báite. Is é an t-am is fearr le haghaidh crainn shíorghlasa a chur ná i mí Mheán an Fhómhair nó sa tréimhse ó dheireadh Aibreáin go deireadh mhí Bealtaine. Maidir le crainn a fhástar istigh i gcoimeádáin, is féidir iad a chur am ar bith sa bhliain, ach tréan uisce a choinneáil leo i ndiaidh iad a chur.

Conas crainn a chur

Míníonn na treoracha seo conas crainn chaighdeánacha phlandlainne a chur:

- ***Le linn duit a bheith ag ullmhú i gcomhair plandála, coinnigh rútaí na gcrann tais fliuch i mála polaitéin nó istigh i dtrínse agus na rútaí clúdaithe le cré.***
- ***Bíodh an poll tochailte agat sula dtagann na crainn ón bplandlann ar chor ar bith. Caithfidh tréan fairsinge a fhágáil i gcomhair na rútaí. Caithfidh an poll a bheith ar a laghad 600mm (2 throigh) níos leithne agus 150mm (6 n-orlach) níos doimhne ná an córas rútaí. Déan an talamh ar thóin an phoill a rácáil d'fhonn an fho-ithir a bhriseadh.***
- ***Déan na cuaillí taca a sháitheadh isteach sa pholl, agus bíodh siad beagáinín ar fiar. Ba chóir go mbeadh na cuaillí tuairim is 2400mm (8 dtroigh) ar fhad agus go ndéanfá iad a chóiriú le leasaitheach adhmaid nach créasóid é. Ba chóir an t-adhmad a chóireáil go fad nach lú ná 150mm (6 n-orlach) os cionn leibhéal na hithreach.***
- ***Bain na rútaí amach as pé coimeádán ina bhfuil siad. Gearr siar aon rútaí briste a bheadh ann. Cuir an crann ar an taobh sin den chuaille taca atá ar ar shiúl ón ngnáthghaoth. Feicfidh tú smál mílítheach ag bun an stoic. Léiríonn sin cé chomh domhain san ithir is a bhí an crann i dtosach, agus is ag an leibhéal sin ba chóir é a chur an athuair. Déan an talamh a athlíonadh le barrithir mhaith nó le meascán 7 dtomhas barrithreach, 3 thomhas móna, 2 thomhas gainimh agus 200g (7 n-unsa) leasacháin (i gcoibhneas 10N:10P:10K). Ithir mhín ba chóir a chur ar na rútaí agus an crann a choitheadh go bog réidh le***



haon phócaí aeir a bheadh ann a líonadh. Ba chóir an ithir a dhaingniú sraith i ndiaidh a chéile le nach ndéanfaí aon dochar do na rútaí.

- ***Ceangail an crann den chuaille díreach faoi bhun na géige is íochtaraí agus díreach os cionn leibhéal na talún. Mura bhfuil fáil agat ar cheangal réamhdhéanta, is féidir do chuid féin a dhéanamh trí sreang righin ghalbhánaithe a chur trí phíosa de phíobán rubair, é a cheangal timpeall an chrainn agus é a dhaingniú den chuaille le tairne.***
- ***I ndiaidh duit na crainn a chur, déan iad a uisciú le, ar a laghad, 22 lítear (5 ghalún) uisce in aghaidh gach crainn. I ndiaidh duit uisce a chur air, déan an ceantar thart ar na crainn a mhótáil le 100mm (4 horlach) d'aoileach, de mhúirín nó de mhúirín duilleog.***
- ***Má tá sciath le cur thart ar an gcrann, bí cinnte agus í a fháisceadh thart ar an gcrann agus í a dhaingniú den chuaille taca, ar shlí nach mbeidh sí ag cuimilt in éadan na ngéag íochtair. Ba chóir bearna a bheith idir bhun na scéithe agus an talamh le go mbeifear ábalta bruscar agus fiaile a ghlanadh.***

Cothabháil

Tá sé tábhachtach, sula ndéantar na crainn a chur ar chor ar bith, do mhachnamh a dhéanamh faoin gcothabháil a bheidh le déanamh orthu. Ní fiú tabhairt faoi scéim uaillmhianach phlandála mura bhfuil na scileanna ar fáil atá riachtanach le í a thabhairt chun críche. Ní mór cloí le clár cothabhála ar feadh na chéad dhá shéasúr fáis, ar a laghad. Bí ag cuimhneamh ar an seicliosta seo thíos.

- ***Ba chóir na cuaillí taca agus na ceangail a sheiceáil go rialta, cuaillí scaoilte a dhaingniú agus ceangail bhriste a dheisiú chomh luath agus is féidir. Mura ndéantar amhlaidh, d'fhéadfaí dochar buan a dhéanamh don chrann de dheasca an choirt a bheith á cuimilt agus na rútaí a bheith scaoilte.***
- ***Glan amach aon fhiaile nó bruscar a bheadh ag bun na gcrann.***
- ***Le linn an dara séasúir fáis, nó má fheictear duit gur stop na crainn ag fás le linn an chéad séasúir tar éis a bplandála, déan leasachán a rácáil thart timpeall na gcrann. Tá leasachacháin dílseánaigh ann le haghaidh crann agus tor ar féidir iad a úsáid, nó aon cheann de na leasacháin ghinearálta talmhaíochta atá ar bheagán nítrigin.***
- ***Ba chóir na crainn a uisciú go rialta le linn na chéad dhá shéasúr fáis. Is minic triomach ann ó dheireadh mhí na Bealtaine go Meitheamh, agus is lena linn seo a bhásann go leor leor crann nuachurtha, cheal uisce. Le linn na haimsire tirime, caithfidh an ithir a fhliuchadh go maith ar a laghad uair in aghaidh na seachtaine le timpeall 22 lítear uisce, agus an ithir a phriocadh beagáinín chun maolú ar ghalú gréine, D'fhéadfaí, ach oiread, an ithir a mhótáil le móin, le sliseanna coirte nó le haoileach.***
- ***Ba chóir géaga briste a ghearradh siar agus an chneá a chlúdach le meascán séalaithe ar nós Arbrex.***
- ***Má bhásann crann le linn an tséasúir fháis, nó má scriosann loitiméirí é, ní mór crann nua a chur ina áit ag deireadh an tséasúir. Ní bhíonn an loitiméireacht ina fadhb chomh mór sin má bhíonn an chuma ar na crainn go bhfuil aire á tabhairt dóibh agus má dhéantar crann nua a chur in áit aon chrainn a loitear.***

Ceangail an crann le sreang chumhdaithe le píobán



Tuilleadh eolais

Comhairle Crann na hÉireann,
Teach Chábán tSíle, Co. BÁC
Teil: (01) 2849211.
r.phost: trees@treecouncil.ie
Láithreán: www.treecouncil.ie

Crann, An Phríomhshráid, Beannchar, Co. Uíbh Fhailí
Teil/Facs: (0509) 51718
r.phost: info@crann.ie
Láithreán: www.crann.ie

An Taisce, Halla Taylor, An Cúl-Lána, Baile Átha Cliath 8.
Teil: (01) 4541786. Facs: (01) 4533255
r.phost: info@antaisce.org
Láithreán: www.antaisce.org

Teagasc, 19 Ascaill Dhumhach Thrá, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4.
Teil: (01) 6688188. Facs: (01) 6688023

Conservation Volunteers Ireland (CVI)
Teach an Stíobhaird,
Caisleán Ráth Fearnáin, BÁC 14
Teil: (01) 495 2878
r.phost: info@cvi.ie
Láithreán: www.cvi.ie

Arna eisiúint ag
ENFO – An tSeirbhís Eolais Comhshaoil,
17 Sráid San Aindrias,
Baile Átha Cliath 2, Éire.

Teil: **(01) 8883911 (01) 8883933**
Facs: **(01) 888 3946**
r.phost: ***info@enfo.ie***
Láithreán: www.enfo.ie

Is féidir scríobh nó bualadh isteach chugainn ag an seoladh thuas, nó breathnú ar sheastáin eolais ENFO in oifigí d'údaráis áitiúil féin nó i Leabharlann na Cathrach/an Chontae.

Seirbhís phoiblí saor in aisce is ea ENFO de chuid na Roinne Comhshaoil & Rialtais Áitiúil

Clóite ar pháipéar athchúrsáilte
Eanáir 2003